CAIBIDIL 7 FORBAIRT ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

7.1 CÚLRA

Tá saibhreas mór d'acmhainní nádúrtha ag Dún na nGall a dtig á n-úsáid ar dhóigh a rachadh ar sochar socheachnamaíoch agus cultúrtha don Chontae. Cé gur baineadh úsáid as cuid mhaith de na hacmhainní seo leis na céadta bliain – acmhainní mar an mhóin, tionscal acmhainní asbhainte na mara agus an fhoraoiseachta – is beag úsáid a baineadh as acmhainní eile macasamhail an ghaoth agus foinsí fuinnimh eile, go dtí le gairid. San am a chuaigh thart, áfach, bhí forbairt ar bith a ndeachas ina bun ar acmhainní nadúrtha an Chontae déanta ar dhóigheanna nach raibh inbhuanaithe.

Dá bhrí sin, tá neart deiseanna agus neart dúshláin ag baint le forbairt na hearnála acmhainní nádúrtha. Tá sé de dhualgas ar an Chomhairle feiceáil chuige go ndéanfar forbairt ar an chineál seo acmhainní ar dhóigh a chuirfeas borradh socheacnamaíoch chun cinn, ach ag an am chéanna déanamh cinnte go ndéanfaí an chuid is lú dochair don timpeallacht agus go gcoinneofaí na hacmhainní slán do na glúnta atá le teacht. Tá na cuspóirí, na polasaithe agus na critéir atá sa Dréachtphlean Forbartha curtha le chéile ar mhaithe lena leithéid de chothromaíocht a bhaint amach.

Meastar gurb fhiú fo-roinn dá gcuid féin a bheith ag gach réimse ábhair sa chaibidil seo – go ginearálta, cúlra, spriocanna, cuspóirí agus moltaí – chomh maith leis na caighdeáin theicniúla atá leagtha síos in Aguisín A – Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Teicniúla.

SPRIOC

Oiread tairbhe agus is féidir a bhaint as na hacmhainní nádúrtha atá ag Contae Dhún na nGall ar dhóigh a chuirfeadh le forbairt socheachnamaíoch an Chontae agus a bheadh san am chéanna ag teacht le polasaithe cosanta na timpeallachta mar atá leagtha amach sa Phlean seo.

CUSPÓIRÍ

- Forbairt na nAcmhainní Nádúrtha a dhéanamh níos éasca chun fostaíocht a chur ar fáil agus borradh socheacnamaíoch a spreagadh, ach iad a bheith ag teacht le polasaithe agus le critéir mar ata leagtha amach sa phlean seo
- A chinntiú nach gcuirfeadh forbairt na n-acmhainní nádúrtha isteach ar chumas turasóireachta an Chontae.
- Go ndéanfaí oiread tairbhe agus is féidir don phobal áitiúil ina bhfuil na hacmhainní lonnaithe.
- Go ndéanfadh forbairt na n-acmhainní nádúrtha an chuid is lú dochair agus is féidir don timpeallacht, don oidhreacht agus d'infreastruchtúr fisiciceach an Chontae.

7.2 POLASAITHE AGUS MOLTAÍ

7.3 FUINNEAMH IN-ATHNUAITE (GINEARÁLTA)

CÚLRA

Le blianta beaga anuas, tá tábhacht ar leith ag baint le fuinneamh in-athnuaite agus is de bharr cúiseanna áirithe a bhaineann leis an timpeallacht agus an gheilleagar a tharla sé seo, ina measc:

- Dualgaisí na hÉireann faoi Chonradh Kiótóo, ina bhfuil sé mar aidhm teora a chur le hastuithe gáis cheaptha teasa le linn na tréimhse 2008-2012 go dtí 13% os cionn na leibhéil a bhí ann i 1990.
- Géarghá le foinsí truaillithe aeir a laghdú.
- Géarghá le laghdú a bheith deanta ar bhagairt dochair don timpeallacht ó fhoinsí neamh-in-athnuaite.
- Acmhainneacht na dteicneolaíochtaí in-athnuaite cur le borradh eacnamaíochta áitiúil i dtaca le cúrsaí tógála, feidhmiú agus seirbhís le cois fostaíocht áitiúil a chruthú.
- Na buntáistí a bheadh ag rannóg láidir fuinnimh in-athnuaite chun teacht aniar eacnamaíochta a fheabhsú – a bheadh de dhíth dá dtiocfadh athrú ar chostas fuinnimh de bharr soláthar breosla iontaise ón choigríoch a bheith srianta.

Tá réimse as cuimse d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite i nDún na nGall agus dá ndéanfaí forbairt orthu ar dhóigh inbhuanaithe, thiocfadh leo cuidiú go mór le forbairt timpeallachta agus eacnamaíochta an Chontae. I measc na bhfoinsí seo, áirítear: Gaoth, Bithmhais, Uisce, Grian, Tonnta Farraige, agus Táirgí Dramhaíola.

POLASAÍ NRD1:

Déanfaidh an Chomhairle staidéar ar úsáid agus ar chur i bhfeidhim fuinnimh in-athnuaite ina clár tithíochta 2004-2008.

POLASAÍ NRD2:

Déanfaidh an Chomhairle staidéar ar úsáid mhodhanna/ábhair tógála inbhuanaithe ar mhaithe lena gcur i bhfeidhm sa clár tithíochta reatha do 2004-2008.

7.4 FUINNEAMH GRÉINE

Le tamall anuas, tá sé aitheanta go bhfuil an-tábhacht le teicneolaíochtaí fuinnimh gréine i gcur ar fáil foinse inmharthana teasa agus leictreachais, rud a laghdaíonn an rachairt ar bhreoslaí iontaise agus ar sholáthar leictreachais ón ghréasán náisiúnta.

POLASAÍ NRD3:

Réiteoidh an Chomhairle an bóthar do thionscnamh ar bith a chuirfeas le heolas nó a mhéadóidh úsáid as Teicneolaíochtaí Éighníomhach, Gníomhach agus Fótavoltach Gréine chun teas agus leictreachas a chur ar fáil.

7.5 BITHFHUINNEAMH

Tá mórán buntáistí ionchasacha ag Bithfhuinneamh mar fhoinse fuinnimh, ina measc:

- Tá iarmhairt gháis ceaptha teasa neodrach aige.
- Buntáistí a bhaineann le soláthar atá slán ó bhaol.
- Buntáistí d'fhorbairt tuaithe.

Chun Bithbhreoslaí a thiontú go teas nó cumhacht aibléise, úsáideann Bithfhuinneamh réimse leitheadach teicneolaíochtaí, ina measc:

- Dóchán nó gáisiú a dhéanamh ar bhreosla macasamhail adhmad, barrscoith gearruainíochta, barra fuinnimh, cochán, seachtháirgí foraoiseachta agus fuíollábhar soladach talmhaíochta.
- Díleá anaeróbach de sciodar ainmhithe, séarachais, dramhaíl seamlais agus rl.

POLASAÍ NRD4:
Tabharfaidh an Chomhairle Contae tacaíocht do thionscnaimh a chuireann le heolas nó le húsáid an fhoinse fuinnimh in-athnuaite seo.

7.6 FUINNEAMH HIDRILEICTREACH

Tá dhá stáisiún ollmhór hidrileictreach ag Co. Dhún na nGall cheana fhéin - ceann ar an Éirne agus ceann ar an Chládigh, agus gintear 69mw de chumhacht leictreach ina iomláine. Le blianta anuas, áfach, tosaíodh ag díriú ar tionscnaimh atá i bhfad níos lú agus tháinig roinnt mhaith tionscnaimh mar seo chun cinn ar na mallaibh. Meastar go bhféadfadh hidreafhoinse beag de 47.1 Gwh/sa bhliain a bheith ag Co. Dhún na nGall. Leis sin, aithníonn an Chomhairle Contae an cumas a bheadh ag hidrea-tionscnaimh bheaga cur go mór le giniúint leictreachais agus le spriocanna atá ag an Rialtas i dtaca le fuinneamh in-athnuaite a chuimsiú.

POLASAÍ NRD5:
Tabharfaidh an Chomhairle tacaíocht do thaighde agus d'fhorbairt inbhuanaithe at thograí hidreachumhacht ar scála beag.

7.7 FUINNEAMH TOINNE

As siocair go bhfuil Dún na nGall suite ar chósta iarthuaiscirt na hÉireann, tá ceann de na foinsí is fearr ar an domhain ann maidir le cumhacht na dtonn. Cé nach bhfuil an teicneolaíocht atá de dhíth chun leas a bhaint as flúirse na hacmhainne in-athnuaite seo ach ina thús, tuigeann an Chomhairle go bhfuil féidearthachtaí iontach maith ann, go meántéarmach agus go fadtéarmach, chun an acmhainn seo a úsáid.

POLASAÍ NRD6:
Tabharfaidh an Chomhairle Contae tacaíocht do thaighde agus forbairt inmharthana ar thograí fuinnimh toinne. Tabharfaidh an Chomhairle Contae tacaíocht d'fhorbairt thograí hidreafhuinneimh.

7.8 FORAOISEACHT

CÚLRA
Le dornán blianta anuas, bhí ardú ar an mhéid foraoiseacha a plandáladh sa Chontae. Faoin bhliain 2002, bhí thart fá 11.86% de thalamh an Chontae faoi fhoraoiseacha. Aithníonn an Chomhairle Contae chomh tábhachtach is atá sé d'Éirinn a cuid dualgaisí faoi Chonradh Kiótóo a chomhlíonadh agus tá rún daingean aici teacht fhad leis an sprioc de 17% cludach foraoise faoin bhliain 2035, tré bheith ag obair le páirtithe leasmhara sna gnoithe sin.

Go díreach mar atá i dtíortha eile, tá formhór na foraoiseachta déanta suas de phlandáil bhuaircíneach i gcóir trachtála, agus gan ach thart fá 21% den phlandáil iomlán faoi leathanduilliúr.

Aithníonn an Chomhairle go gcuireann foraoiseacha cuid mhór deiseanna ar fáil, i dtaca le foinse breise d'ioncam feirme, éagsúlacht tuaithe, gníomhaíocht eacnamaíoch (i dtéarmaí plandála, cothabhála agus baint), ábhair tógála a bheadh marthanach, forbairt ar tháirgí breisluacha agus margaí nideoige, taighde agus forbairt, caitheamh

aimsire agus áiseanna, turasóireacht, chomh maith le bithéagsúlacht a chur chun cinn agus na gnáthóga dúchasacha a athneartú. Chomh maith leis sin, tuigeann an Chomhairle an tábhacht a bhaineann i gcónaí leis an fhoraoiseacht phríobháideach i rannóg na foraoiseachta – agus cinnteoidh sí go gcuideoidh a cuid polasaithe le dul chun cinn na rannóige seo.

Seo a leanas cuid de na dóigheanna a dtiocfadh leis an fhoraoiseacht tionchar diúltach a bheith aicí ar chúrsaí: cur isteach ar an tírdhreach, cur isteach ar thaitneamhacht radhairc, caighdeán uisce, gorlanna éisc, bealtaí móra, draenáil, an bhithéagsúlacht agus bagairt dóiteáin. Ach, sin ráite, is féidir ísliú a dhéanamh ar an drochthionchar seo tré phleanáil mhaith agus nósanna maithe i mbainistíocht foraoiseachta. Tá an Chomhairle ag breathnú go háirithe ar an dochar a d'fhéadfadh cúrsaí foraoiseachta a dhéanamh de bhóithre poiblí.

Cheana féin, tá cosaint curtha ar fáil, go díreach nó go hindíreach, do choillte agus do chrainn airithe a bhuíochas d'orduithe/sásanna éagsúla macasamhail Limistéir Speisialta Caomhantais, Limistéir Oidhreachta Náisiúnta, Anaclanna Dúlra agus Páirceanna Náisiúnta, Comhaontuithe faoi Alt 47 agus tré ceantair conláistí/ spásanna oscailte atá curtha san áireamh sna Pleananna Ceantair Áitiúla. Lena chois sin, cuirtear méid áirithe cosaint ar fáil do chúirtealaistí na struchtúr cosanta go léir, ina measc an tírdhreachú atá ann cheana féin agus an fásra nádúrtha.

SPRIOC

Ba mhaith leis an Chomhairle forbairt na foraoiseachta a láimhseáil ar dhóigh a bheadh cothrom do bhuntáistí na foraoiseachta agus do phleanáil cheart agus d'fhorbairt inbhuanaithe.

I gcur i gcrích na sprice seo, aithníonn an Chomhairle nach bhfuil plandáil foraoiseachta faoi smacht an Údaráis Pleanála i láthair na huaire, ach san am chéanna tá ról lárnach acu i bhforbairt bhuan na foraoiseachta i gCo. Dhún na nGall.

Cuid de na rudaí atá i gceist sa ról seo ná iarratais foraoiseachta a bheith curtha faoi bhráid na Comhairle i gcásanna áirithe, dul i gcomhairle le tionscail na foraoiseachta agus le pobail áitiúla fá fhorbairtí faoi leith agus dea-chleachtas chomh maith le spreagadh agus cur chinn a dhéanamh ar Straitéis Tháscach Foraoiseachta don Chontae.

Ina theannta sin agus siocair nach bhfuil gá le cead pleanála, ba mhaith leis an Chomhairle na cuspóirí agus na critéir, mar atá leagtha amach sa phlean seo, a chur chun tosaigh. Ba mhaith leis an Chomhairle fosta, san áit a bhfuil cead pleanála riachtacnach - bíodh sé san am atá i láthair nó san am ata le theacht – go ndéanfaí cinnte de go gcloífí leis na cuspóirí sin.

POLASAITHE AGUS MOLTAÍ

Seo a leanas polasaí na Comhairle:

Pleanáil

POLASAÍ NRD7:

Athruithe sa Reachtaíocht Pleanála a lorg chun laghdú a dhéanamh ar na tairseacha a dheimhníonn cá acu atá cead pleanála do fhoraoiseacht de díth nó nach bhfuil, agus coinníoll a thabhairt isteach go mbeadh sé riachtanach cead pleanála a fháil do leagan crann do sholáthar adhmaid.

POLASAÍ NRD8:
Cloí leis na treoirlínte ábhartha atá foilsithe ag an tSeirbhís Foraoiseachta nuair atáthar ag déanamh measúnú ar iarratais i ndáil le foraoiseacht.

POLASAÍ NRD9:
Moltaí foraoiseachta a mheas i gceantair atá sonraithe mar Limistéir Conláiste Ardscéimhe nuair atá an moladh:

- Ag neartú méid áirithe fáschoillte atá ann cheana féin agus atá le feiceáil i ngaireacht.
- Leathnú ar fhoraoiseacha atá ann cheana féin a cheadú, fhad is nach gcuirfear isteach ar na radharcanna.
- Bunú nó athbhunú an fhásra dhúcasaigh, macasamhail coille de chrainn dhúchasacha, a cheadú.

POLASAÍ NRD10:
Dul in éadan moltaí foraoiseachta a chuirfeadh isteach ar na radharacanna deasa ó na bóithre seo a leanas go dtí Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha:

- An bóthar Ó Ghleann Domhain go dtí an Dúchoraidh
- An bóthar ó Dhún Lúiche go dtí an Tearmainn
- An bóthar ó Mhín an Lábáin go dtí an Tearmainn/ Dún Lúiche

POLASAÍ NRD11:
Scrúdú a dhéanamh ar na dóigheanna a dtiocfadh leis an Straitéis Tháscach Foraoiseachta na Seirbhíse Foraoiseachta cuidiú le meastóireacht ar mholtaí foraoiseachta nuair a chuirfí i gcló iad.

POLASAÍ NRD12:
Breithniú ar na bhóithre iompair faoi leith a bheas sonraithe go speisialta le húsáid tráth ghearrtha agus bainte adhmaid.

POLASAÍ NRD13:
Breithniú ar úsáid Acht 17 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, le cúiteamh as dochar ar bith a dhéanfaí de bharr 'méid as cuimse tráchta/no barraíocht meáchain' de dheasca chúrsaí foraoiseachta

POLASAÍ NRD14:
Coinníollacha a chur i bhfeidhm maidir le cead pleanála a thabhairt, ag cur iallach ar lucht forbartha cíbe deisiú nó feabhsú a bheadh de díth ar infreastruchtúr bóithre a dhéanamh; banna airgeadais a chur sios a chinnteodh cóiriú sásúil ar infreastruchtúr ar bith a ndéanfaí dochar do le linn plandála nó baint agus/nó méid áirithe airgead a íoc fá choinne uasghrádú nó athchóiriú an ghréasáin bóthair áitiúil.

POLASAÍ NRD15:
Iarrataisí pleanála a lorg do ghuaillí crua agus bealaí iontrála nua a dhéanfaí fhad le bóithre poiblí ar bith a mbeadh ceangail acu le forbairt foraoiseachta.

POLASAÍ NRD16:
Cur in aghaidh moltaí foraoiseachta laistigh de na Stráicí Cosctha Dóiteáin sonraithe.

<u>Eacnamaíoch</u>
POLASAÍ NRD17:
Cuidiú le ról na foraoiseachta san fhorbiart eacnamaíoch agus san éagsúlacht tuaithe.

POLASAÍ NRD18:
Éascú a dhéanamh ar fhorbairt oibreacha próiseála d'adhmad dúchasach ó fhoraoiseacha inbhuanaithe.

An Timpeallacht
POLASAÍ NRD19:
Iallach a chur ar iarrataisí d'fhorbairt foraoiseachta taobh istigh de Limistéir Oidhreachta Náisiúnta (NHA), Limistéir Speisialta Caomhantais (SAC) nó Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPA), measúnú oidhreachta/timpeallachta nó Ráiteas Tionchair Chomhshaoil a dhéanamh chun a mheas cén tionchar/éifeacht a bheadh ag an fhorbairt áirithe ar an oidhreacht agus ar an timpeallacht

POLASAÍ NRD20:
Bheith cinnte go mbeadh na polasaithe mar atá leagtha amach sa phlean seo, ag teacht le caomhnú agus cosaint na gcoillearnach agus na bhfál dhúchasach agus leath-dhúchasach atá ann cheana féin. (Féach fosta Caibidil 8, an tOidhreacht Nádúrtha agus Tógtha)

POLASAÍ NRD21:
Cur in éadan moltaí foraoiseachta a chuirfeadh isteach ar chuspóirí na bPleananna Bainistíochta Cáilíochta Uisce faoin Acht Um Thruailliú Uisce 1977.

POLASAÍ NRD22:
Cloí níos mó le plandáil dhuillsilteach dhúchasach thar phlandáil bhuaircíneach de thairbhe an ról tábhachtach atá ag na speicis dhuillsilteach dhúchasach i gcur ar fáil gnáthóga nádúrtha don *flora* agus *fauna* dúchasach, le cois bithéagsúlacht, agus a chomoiriúnacht d'fhásra nádúrtha an Chontae, a spreagadh.

POLASAÍ NRD23:
Foraoiseacht a chur chun cinn mar fhoinse bith-bhreosla a bheadh ag teacht le polasaí na Comhairle ar Fhuinneamh In-athnuaite.

Sóisialta/Pobail
POLASAÍ NRD24:
Ról na foraoiseachta i gcur ar fáil áiseanna taitneamhacha a aithint agus a chur chun cinn ar mhaithe leis na cuspóirí sóisialta, mar atá leagtha amach sa phlean, a chur i gcrích.

POLASAÍ NRD25:
An fiúntas atá ag na háiseanna taitneamhacha na bhforaoiseacha atá in úsáid cheana féin a fheabhsú agus foraoiseacha nua pobail/Scéimeanna Comharsanachta Foraoise i gceantair straitéiseacha a spreagadh.

POLASAÍ NRD26:
Spreagadh a tabhairt do lucht forbartha sciar d'fhorbairtí nua a chur ar leataobh le crainn atá in oiriúint don cheantar a phlandáil.

POLASAÍ NRD27:
Bealaí isteach chuig cosáin siúil ar thailte arda agus chuig cearta slí a chosaint.

7.9 PORTAIGH

CÚLRA

Aithníonn an Chomhairle gur Acmhainn Nádúrtha thábhachtach iad portaigh Dhún na nGall. Tuigeann an Chomhairle an tábhacht a bhain le saothrú na bportach mar fhoinse de bhreosla dúchasach na móna agus chun cuidiú nach beag a thabhairt do phobal na tuaithe.

Aithníonn an Chomhairle fosta an tábhacht a bhaineann leis na portaigh ó thaobh na héiceolaíochta agus na timpeallachta de. Tá na portaigh is luachmhaire i gcúrsaí éiceolaíochta sonraithe mar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha, Limistéar Speisialta Caomhantais, agus mar sin de, agus beidh orthu cloí le coinníollacha riachtanacha na n-ainmniúchán sin (féach Caibidil 8, An tOidhreacht Nádúrtha agus Tógtha). I ndáil leis seo, aithníonn an Chomhairle an comhdhualgas atá uirthi na portaigh a chosaint agus tá rún daingean aici comhoibriú le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí ábhartha chun caomhnú na hacmhainne seo a chinntiú do na glúnta atá le theacht.

POLASAITHE AGUS MOLTAÍ

Seo a leanas polasaí na Comhairle:

POLASAÍ NRD28:
Cuidiú le caomhnú agus le cosaint na bportach sna limistéir atá ainmnithe agus faoi réir ag na polasaithe agus na critéir sa phlean seo.

POLASAÍ NRD29:
Limistéir portaigh a bhfuil tábhacht éiceolaíoch áitiúil ag baint leo, a aithint agus a chosaint.

POLASAÍ NRD30:
Measúnú Tionchair Chomhshaoil a lorg do bhaint móna faoi uasphointí reatha nuair atá an Chomhairle cinnte go bhféadfadh an moladh sin tionchar mhór a bheith aige ar an timpeallacht.

POLASAÍ NRD31:
Cur in éadan moltaí do bhaint móna (áit a bhfuil cead pleanála riachtanach) i Limistéar Conláiste Ardscéimhe de réir polasaithe caomhantais tírdhreacha.

7.10 FUINNEAMH GAOITHE

CÚLRA

As siocair Contae Dhún na nGall a bheith suite ar chósta thiar thuaidh na hÉireann agus an oiread sin sléibhte a bheith ann, is féidir a bheith cinnte go mbeidh neart d' fuinneamh gaoithe ar fáil. Aithníonn an Chomhairle gur chóir agus gurb fhéidir leis seo agus le hacmhainní eile in-athnuaite, freastal ar riachtainaisí fuinnimh agus fostaíochta an Chontae san am atá le theacht.

Chomh maith leis sin, aithníonn an Chomhairle an ról lárnach a bheadh ag fuinneamh gaoithe le nach mbeifí ag brath an oiread sin ar bhreosla iontaisithe agus le go mbeadh ísliú ar Astuithe Gáis Cheaptha Teasa ar leibhéal náisiúnta.

De réir gach dealraimh, tiocfaidh brú le haghaidh forbairt a bheith déanta ar fhuinneamh gaoithe i limistéir arda ar an chósta agus in ionaid amach on chósta go háirithe in áiteanna a bhfuil sé furast ceangail gréasáin a shroichint.

Aithnítear go forleathan an bhuntáiste timpeallachta agus eacnamaíochta atá ag Fuinneamh Gaoithe ar Bhonn Náisiúnta agus ar Bhonn Domhanda araon. Tá dornán buntáistí áitiúla ag forbairt fuinneamh gaoithe don Chontae, ina measc fostaíocht i rith tréimhse na tógála, na tréimhsí oibriúcháin agus cothabhála agus ó thaobh éagsúlacht tuaithe. Ach, diomaite de na buntáistí sin, níl mórán tairbhe ann don phobal áitiúil agus ní léir buntáiste ar bith don phobal áitiúil i ndáil le cumas iomaíochta agus praghasanna fuinnimh leictreachtais níos ísle.

Féadfaí go mbeidh na tionchair seo a leanas ag baint le forbairt fuinnimh gaoithe: torann, preabarnach scáile, cur isteach leictreamhaighnéadach, cur isteach ar áilleacht, oidhreacht nádúrtha agus tógtha, *flora* agus *fauna* agus araile. Ar mhaithe leis na tionchair sin a laghdú, is den riachtanas é go ndéanfaí machnamh domhain ar shuíomh, ar dhearadh, ar leagan amach, ar thógáil, agus ar chothabháil na bhfeirmeacha gaoithe seo.

Ar an dóigh sin, dírítear aird lucht forbraíochta feirmeacha gaoithe ar threoirlínte pleanála a d'fhoilsigh an Rialtas amach le gairid i ndáil le feirmeacha gaoithe agus na critéir faoi leith atá sa Phlean Forbartha seo.

SPRIOC
Is mian leis an Chomhairle leas a bhaint as cumas fuinnimh gaoithe an Chontae ar dhóigh a dhéanfadh freastal chothrom ar pholasaí an Rialtais (maidir le fuinneamh in-athnuaite) agus san am chéanna pleanáil chuí is forbairt mharthanach den Chontae a chur ar fáil.

POLASAITHE AGUS MOLTAÍ
Seo a leanas polasaí na Comhairle:

POLASAÍ NRD32:
Moltaí i dtaca le fuinneamh gaoithe a mheas de réir na critéir agus na polasaithe faoi leith atá sa Chuid seo, in Aguisín A, Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Teicniúla, agus ar aon dul le Treoirlínte um Fhorbairt Fuinneamh Gaoithe d'Údaráis Pleanála (Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, 2006).

POLASAÍ NRD33:
Ní amharcófar go fabhrach ar fhorbairtí d'fhuinneamh gaoithe sna limistéir seo a leanas:
- Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha
- Limistéir atá ainmhithe mar Limistéir Conláiste Ardscéimhe
- Limistéir atá sannta mar radharcanna sárscéimhe.

I ngach uile chearn eile den Chontae, breithneoidh an Chomhairle ar iarratais d'fhorbairtí fuinneamh gaoithe ar fhiúntas gach ceann ar a chonlán féin agus de réir na bPolasaithe agus na gCaighdeán Teicniúil atá leagtha síos sa Phlean Forbartha seo in Aguisín A, Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Teicniúla.

Nóta: Aithníodh na ceantair thuasluaite tar éis anailís a bheith déanta ar na ceantair laistigh den Chontae a bheadh fóirsteanach d'fhorbairt ar fhuinneamh gaoithe. San anailís seo, baineadh úsáid as Córas Geografach Faisnéise céim ar chéim le scrúdú a dhéanamh ar réimse toscaí a bhaineann le forbairt ar fhuinneamh gaoithe, ina measc poitéinseal an fhuinnimh gaoithe, taitneamheacht radhairc agus araile. Cuireadh an anailís seo i gcrích de réir Míreanna 3.4 agus 3.5 de Dhréacht-Treoirlínte an Aire fá Fhorbairt ar Fhuinneamh Gaoithe (Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil).

POLASAÍ NRD34:
Plé réamh-iarratais a spreagasdh idir lucht forbartha feirmeacha gaoithe agus an pobal, agus páirt a ghlacadh sna cainteanna seo le lucht forbartha, más féidir é.

POLASAÍ NRD35:
Contae Dhún na nGall a chur chun cinn mar fhoinse don fhuinneamh in-athnuaite agus mar fhoinse taighde don fhorbairt agus don ghabháil teicneolaíochta a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite.

POLASAÍ NRD36:
Cur chun cinn a dhéanamh ar leas leitheadach an phobail áitiúil, mar a leanas:
- Ranníocaíocht do thobach ar an phobal áitiúil nó táille forbraíochta.
- Socrú a dhéanamh do infheistiú ón phobal áitiúil.

POLASAÍ NRD37:
Iallach a chur ar an lucht forbartha, nó é bheith mar choinníoll le cead pleanála a fháil, aon obair dheisiúcháin riachtanach a dhéanamh ar bhóithre nó ar infreastruchtúr, bannaí airgeadais a chur síos le cinntiú go mbeadh bóithre/infreastuchtúr athchóirithe dá ndéanfaí dochar dóibh le linn forbairt fuinnimh gaoithe a bheith ar siúl, nó suim áirithe airgid a íoc chun cuidiú le costas uasghrádaithe no athchóirithe an ghréasáin bóithre áitiúil u airgead a íoc leis an ghréasán áitiúil do bóithre athchóiriú agus a fheabhsú chomh fada agus a bhaineann sé le tógáil, oibriú no feabhsú forbairtí fuinnimh gaoithe, áit ar bith a bhfuil a leithéid oiriúnach.

POLASAÍ NRD38:
Coinníollacha a leagan sios le go n-íocfaí bannaí a chinnteodh athchóiriú shásúil ar infreastruchtúr bóithre ar bith a ndéanfaí damáiste do i rith na tréimhse díchoimisiúnaithe agus/nó a chinntiú go mbeadh an láithreán ina chruth cheart arís tar éis tréimhse dí-choimisiúnaithe a théann le forbairtí fuinnimh gaoithe.

POLASAÍ NRD39:
Coinníollacha a bheith ann maidir le cead pleanála a leagfadh síos bealtaí faoi leith a ba chóir a úsáid le linn tréimhse a bhaineann le tógáil nó feabhsú forbairtí fuinnimh gaoithe.

POLASAÍ NRD40:
Breithniú ar thograí i gcomhair forbairt fuinnimh gaoithe nach mbeadh iontu ach tuirbín amháin agus a bheadh pobalbhunaithe nó faoi stiúir fiontar beag[5] in áiteanna ar fud an Chontae (seachas na ceantair sin atá aitheanta i bPolasaí NRD33). Ní cheadófar an tuirbín a bheith taobh istigh de 100m ó theach cónaithe (ach amháin le cead an úinéara i scríbhinn). Beidh an tuirbín ar an scála cuí leis an timpeallacht thart air agus ní cheadófar tuirbíní atá déanta de réir scála na tráchtála. Chuige sin, níor chóir go mbeadh tuirbín ar bith níos airde ná 25 méadar.

POLASAÍ NRD41:
Beidh an Chomhaire i gcoinne tograí i gcomhair feirmeacha gaoithe amach ón chósta a mbeadh tionchar ábhartha acu ar ghluaiseachtaí loingis, truailliú tírdhreacha agus poiteinséal turasóireachta, mar shampla.

[5] Beidh ar iarratasóirí a thaispeáint cén dóigh a shásaíonn a dtograa fiontar pobail nó fiontar ar scála beag.

7.11 TIONSCAIL EASTÓSCACHA

CÚLRA

Tá traidisiún láidir ag Dún na nGall úsáid a bhaint as cloch áitiúil mar ábhar le tithe agus le bóithre a thógáil. Is mór an spreagadh é na laethanta seo go n-úsáidtear cloch áitiúil - mar go léiríonn sé an saothar agus an traidisiún a bhí ag na glúnta a chuaigh romhainn agus cionn is nach gcuireann úsáid na gcloch áitiúil mar ábhar tógála isteach an oiread sin ar na radharcanna deasa atá i dtírdhreach Dhún na nGall (má bhaintear úsáid as mar ábhar clúdaithe).

Aithníonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le cairéal cloch áitiúil ó thaobh eacnamaíochta agus infreastruchtúir an Chontae de. Is dóiche go leanfaidh an t-éileamh seo ar ábhar tógála ag fás agus tá rún daingean ag an Chomhairle leanstan ar aghaidh ag baint úsáide as foinsí áitiúla chun mórchuid den ábhar tógála a chur ar fáil.

COSAINT NA TIMPEALLACHTA

Glactar leis chomh maith gur féidir le tionscail eastóscacha dochar nach beag a dhéanamh don timpeallacht. Dá bhrí sin, is de riachtanas é teacht ar chomhréiteach idir oibritheoirí agus an Chomhairle chun a chinntiú gur féidir táirgeadh iomlán a úsáid gan mórán damáiste a bheith déanta don tírdhreach, don timpeallacht, don oidhreacht nó do áiseanna lucht cónaithe i gceantar ar bith.

Tá a fhios ag an Chomhairle fosta an chontúirt a d'fhéadfadh tionscail eastóscacha a dhéanamh do fhoinsí tábhachta uisce talún agus uiscíoch sa Chontae. Cé nach bhfuil réigiún uiscíocha tábhachtacha ann a d'fhéadfadh soláthar ollmhór uisce as toibreacha a stóráil, tá méid áirithe foinsí uiscíocha ann a bhfuil tábhacht áitiúil ag baint leo agus ní siad soláthar mór uisce a stóráil agus tá siad in inmhe uisce a stóráil ó scéimeanna a bheadh ag grúpaí beaga agus sráidbhailte (mar shampla: Cladaigh Loch Feabhail, gairbhéal na habhann ag Ciann Fhánada, gairbhéal dobharoighrigh i nGleann Súilí, Inbhear Loch Súilí agus cóngarach den chósta ag Carn Domhnach agus Bun Cranncha.

FORBAIRT INBHUANAITHE

Déanann an choincheap den fhorbairt inbhuanaithe forleathadh ar úsáid ábhar tógála inbhuanaithe. I bprionsabal, níl eastóscadh cloch agus greannmheall (acmhainní in-athnuaite) in bhuanaithe, ach chun é seo a chúiteamh, tá an Chomhairle i bhfabhar úsáid a bhaint as a cuid acmhainní nádúrtha féin – ar an dóigh sin cuirfear fostaíocht áitiúil ar fáil, agus tre ábhair a úsáid a bheas ag teacht leis an tírdhreach atá thart orthu agus ísliú a dhéanamh ar an mhéid taistil a bheadh de dhíth on fhoinse go dtí ceann scríbe.

Sa deireadh thiar thall, aontaíonn an Chomhairle go hiomlán leis na prionsabail atá i gCód Iompraíochta Comhshaoil deonach, a d'eisigh Cónaidhm Coincréite na hÉireann, le tabhairt dá gcuid ball sa bhliain 1996. Thug an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil tacaíocht iomlán do seo.

CLÁRÚ

Tá dualgas ar gach úinéir agus oibritheoir cairéal a gcuid imeachtaí a chlárú leis an Chomhairle roimh 27 Aibreán 2005 (mura bhfuil cead pleanála faighte acu cheana féin le 5 bliain anuas), go díreach mar atá leagtha síos in Alt 261 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000. Tá deis agus údarás ag an Chomhairle anois córas úr/leasaithe smachta a chur i bhfeidhm i gcás cairéil áirithe, cairéal a bhí ag obair roimhe seo faoin Acht Pleanála 1964. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh iallach a bheith ar chairáil áirithe, a

bhí ar obair roimh 1 Deireadh Fomhair 1964, cead pleanála a fháil le coinneáil ag gabháil agus lena chois sin, Ráiteas Tionchair Chomhshaoil a chur isteach fosta.

LÉARSCÁIL D'ACMHAINNEACHT GHREANNMHILL (APM)

An Léarscáil d'Acmhainneacht Ghreannmhill a chur Suirbhé Geolaíochta na hÉireann ar fáil don Chomhairle, taispeántar gach uile acmhainn ghreannmhill agus mhianrach atá sa Chontae agus déantar iad a ghrádáil de réir na féidearthachtaí eastóscah is fearr agus is measa atá iontu do thionscal na tógála agus do thionscal déanta na mbóthar. Is léir don Chomhairle go bhfuil géarghá le cosaint a dhéanamh ar na fosuithe luachmhara seo nár baineadh úsáid astu go fóill. San am i láthair, táthar ag déanamh athbhreithniú ar léarscáileanna ar mhaithe le huisce talún agus foinsí uiscíocha soloite a chur san áireamh chomh maith le cairéil a d'fhéadfadh bheith i neas dóibh.

SPRIOC

Tabharfaidh an Chomhairle tacaíocht ghníomhach d'eastóscadh inbhuanaithe greannmhill agus/nó mianraí ó fhoinsí áitiúla, le cuidiú leis an gheilleagar áitiúil agus chun na bunábhair atá riachtanach do thionscal na tógála a chur ar fáil.

CUSPÓIRÍ

- Caomhnú agus cosaint a dhéanamh ar an timpeallacht, go háirithe an oidhreacht nádúrtha agus seandálaíochta, agus láithreáin atá ainmnithe ag an Aontas Eorpach le bheith caomhnaithe agus cosanta chomh maith le láithreáin ar bith eile a ainmneofar.

- Tréithe an tírdhreacha a chaomhnú, chomh leitheadach is atá ag teastáil in áit ar bith, a bhfuil gá lena leithéid fá choinne pleanáil cheart agus forbairt inmharthana don cheantar, caomhnú radarcanna, taitneamhachtaí ags gnéithe d'áilneacht nádúrtha nó gnéithe inspéise san áireamh.

- Taobh istigh d'fhad maireachtála an phlean, na láithreáin sin leis an fhéidearthacht is mó eastóscach mianraí/grinnmhill a aithint (i gcomhar le Suirbhé Geolaíochta na hÉireann), nach bhfuil laistigh de cheantair sárscéimhe.

- 'Maitrís Fhreagartha do Chosaint Uisce Talún' a chur le chéile, laistigh de threimhse an phlean, chun cuidiú le cinnteoireacht a dhéanamh ar oiriúntacht na gcatagóirí éagsúla forbraíochta i gceantair ina bhfuil leibhéil difriúla soghontachta i dtaca le truailliú uisce talún agus ar mhaithe leis na láithreáin is fearr a chinntiú do chóireáil fuíolluisce.

- Déanfaidh an Chomhairle a dícheall aimsiú a dhéanamh ar fhoinsí na n-acmhainní uisce talún, soláthairtí phríobháideacha agus foinsí uiscíocha, a soghontacht a mheas agus féachaint iad a chosaint dá réir.

- Lorgóidh an Chomhairle athruithe ar reachtaíocht pleanála ar mhaithe le déanamh ar shiúl leis na táirseacha a shocraíonn an riachtanas do Mheasúnachtaí Tionchair Chomhshaoil mar pháirt de chead pleanála d'fhorbairt ar Tionscal Eastóscach.

- Lorgóidh an Chomhairle caomhnú agus cosaint do cheantair in aice le cairéil atá in úsáid agus ina bhfuil féidearthacht ard eastóscach mianraí/grinnmhill fá choinne ábhar tógála/déanta bóthair san am atá le theacht.

POLASAITHE AGUS MOLTAÍ

Is é seo a leanas polasaithe na Chomhairle:

POLASAÍ NRD42:
A chinntiú go dtabharfaidh thogra eastóscach cloch/mianraí, atá ann cheana féin nó atá molta, aird ar 'Cairéil agus Saoráidí Coimhdeacha – Treoirlínte do Údaráis Pleanála 2004 *('Quarry and Ancillary Facilities – Guidelines for Planning Authorities 2004').*

POLASAÍ NRD43:
Gan breithniú go fabrach ar thograí d'fhorbairtí sa tionscal eastóscach i Limistéir Conláiste d'Ardscéimhe, Láithreain Eorpacha (Natura 2000, i.e. LSC, LCS), Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (LON), Anaclanna Dúlra nó i gceantair ina bhfuil tábacht le cosaint a thabhairt don *flora* agus *fauna*, nó i gceantair ina bhfuil poiteinséal suntasach seandálaíochta, murar féidir a thaispeáint nach mbeadh droch thionchair ag a leithéid de thograí ar chonláistí, ar oidhreacht nó ar an timpeallacht.

POLASAÍ NRD44:
Tá an Chomhairle faichilleach faoin ghá atá le fosuithe nach bhfuil oibrithe a chosaint i faoi choinne a mbaint sa todhchaí, áit ar bith nach gcuirfeadh siad isteach go mór ar an radharc. Caithfidh forbairtí a bheadh beartaithe laistigh de chomharsanacht thionscal eastóscach a thaispeáint cén dóigh nach mbeadh tionchar mhór ar bith ag an fhorbairt sin ar an acmhainn nádúrtha nó ar a cumas a bheith tochailte.

POLASAÍ NRD45:
De ghnáth, gan amharc go fabhrach ar thograí thionscail eastóscacha a mbeadh droch thionchar acu ar an timpeallacht uisce, ar a n-áirítear cáilíocht agus cainníocht uisce dromchla agus uisce talún, sruthbhealaí aibhneacha agus bogaigh ina ngaobhair.

POLASAÍ NRD46:
Iallach a chur ar gach uile thogra do thionscal eastóscach plean mionsonraithe athchóirithe/athshlánaithe leanúnach talún i gcóir iarchúram/athúsáid an tsuímh a chur faoi bhráid na Comhairle. I ndáiríre, b'fhearr forbairt chéimnithe a dhéanmh ar an suíomh i bhformhór cásanna. Ba chóir staidéar éiceolaíoch a dhéanamh ar gach uile láithreán eastóscach nua agus ba chóir go mbeadh éiceolaithe rannpháirteach chun bearta mhaolaitheacha fhóirsteanacha a mholadh do gach céim forbraíochta, athchóiriú agus iarchúram san áireamh.

POLASAÍ NRD47:
Measúnú Tionchiar Chomhshaoil a lorg sna cásanna seo a leanas: (a) mianadóireacht chairéil agus dromchla, áit a bhfuil dromchla an tsuímh níos mó ná 25 ha, (b) eastóscadh cloch, gairbhéil, gainimh nó créafóige, ina mbeadh an eastóscadh níos mó ná 5 ha, (c) iomlán eastóscadh mianraí laistigh de bhrí na nAchtanna Forbartha Mianraí, 1940 go 1999, (d) iomlán suiteála do dhéantús stroighne. Lena chois sin, féadtaí an Chomhairle Measúnú Tionchair Chomhshaoil fo-thairseach a lorg, má mheastar go mbeadh drochthionchar ag an fhorbairt bheartaithe, siocair a scála, suíomh agus/nó éifeacht, ar áiseanna timpeallachta agus/nó cónaithe.

POLASAÍ NRD48:
Nuair atá forbairt beartaithe i gcomharsanacht (300m) shéadchomhartha taifeadta/suíomh seandálaíochta, caithfear iallach a chur ar fhorbróirí seandálaí nó duine le cáilíochtaí oiriúnach a fhostú le measúnú a chur i gcrích ar an suíomh agus é a chur faoi bhráid an Chomhairle.

POLASAÍ NRD49:
Nuair atá forbairt beartaithe i gcomharsanacht struchtúr cosanta, a gcúirtealálaistí agus criosanna radhairc agus tionchair pléasctha, cuirfear an t-eolas sin ar aghaidh chuig

Oifigigh Caomhantais agus Oidhreachta na Comhairle agus don Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

POLASAÍ NRD50:
Breithniú ar úsáid Acht 17 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, le cúiteamh as dochar ar bith a dhéanfaí de bharr 'méid as cuimse tráchta/no barraíocht meáchain' mar gheall ar oibreacha eastóscacha

POLASAÍ NRD51:
I dteannta na Scéime Ranníocaíochta Forbraíochta, cionroinnt speisialta/banna a éileamh i ndáil le forbairt ar leith a chuireann costas eisceachtúla áirithe, nach bhfuil clúdaithe faoin scéim, ar an Chomhairle i ndáil le hinfreastruchtúr bóithre agus áiseanna a théann chun sochair don togra, trína chinntiú go ndéantar athshlánú ar an suíomh iar chríochnú an eastósctha.

POLASAÍ NRD52:
Mar pháirt den phróiseas pleanála i ndáil le scéimeanna bóthair a bheadh beartaithe don todhchaí, 'claiseanna iasachta' a aithint ar mhaithe le hiompar ábhair thar achair níos faide a laghdú chomh fada agus is féidir in aice láimhe lena leithéid de scéim.

7.12 ACMHAINN NA MARA

CÚLRA
Is í acmhainn na mara ceann de na hacmhainní nádúrtha is luachmhaire atá i nDún na nGall. Tá tábhacht faoi leith ag cósta álainn imeallach Dhún na nGall i gcúrsaí turasóireacht agus caitheamh aimsire. Ar feadh na mblianta fada, chinntigh a chuanta doimhne agus a fharraigí saibhre go raibh ráth ar thionscal na hiascaireachta, agus tá na hoileáin agus na pobail chósta ríthábhachtach d'oidhreacht chultúrtha Dhún na nGall. Go deimhin, tá earnáil na mara aitheanta mar eochairearnáil don Chontae sa *Straitéis*, straitéis an Chontae d'fhorbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha.

Má déantar bainistíocht mar is ceart, fanóidh féidearthacht forbraíochta na hacmhainne seo breá folláin. Mar sin féin, níl freagracht foriomlán ag aon ghníomhaireacht ar leith i dtaca le cruthú nó forfheidhmiú polasaí mara. Ar an tséala sin, tá cur i gcrích na féidearthachta seo ag brath ar cur chuige dírithe comhtháite ó na páirtithe leasmhara go léir.

Bainistíocht Chomhtháite ar an Chrios Cósta (ICZM)
Tá sé mar aidhm ag ICZM frámaíocht pleanála agus bainistíochta a chruthú do chrios cósta ar leith. Tugann sé le chéile na páirtithe leasmhara ábhartha go léir (Iascáirí, Grúpaí Comhshaoil, grúpaí Chaitheamh Aimsire Mara, Údaráis Áitiúla agus rl.) ar mhaithe le theacht ar réiteach i gcomhair forbairt inbhuanaithe a dhéanamh ar thimpeallacht an chósta.

Ar an tséala sin, tá rún daingean ag an Chomhairle straitéisí fóirsteanacha a chur le chéile ar mhaithe le frámaíochtaí ICZM a chur i ngníomh, agus píolótú a dhéanamh ar na straitéisí sin i gceantar faoi leith. Lena chois sin, tá sé ar intinn ag an Chomhairle ionad a bhunú fá choinne oiliúint agus taighde ICZM a chur ar fáil sa Chontae.

Creimeadh Cósta/Leibhéil Farraige ag Ardú
Tá bainistiú ar chreimeadh cósta ina dhlúthpháirt de 1CZM. Cé go bhfuil obair mhór ar siúl ag an Chomhairle i laghdú creimeadh an chósta tré oibreacha innealtóireachta, is léir don Chomhairle gurb fhearr i b'fhad na hoibreacha seo a bheith mar pháirt de

straitéis níos leithne agus gan iad a beith ar siúl go díreach ar a gconlán féin amháin. Mar sin féin, rachaidh an Chomhairle ar aghaidh lena Clár Cosanta do Chreimeadh Cósta, mar atá glactha leis ag na Comhaltaí, go dtí an lá a gcuirfear maoiniú agus acmhainní eile ar fáil le Clár 1CZM a chur i bhfeidhm ar fud na tire. Chomh maith leis sin, tá rún ag an Chomhairle smacht a choinneáil ar fhorbairt i limistéir ina bhfuil creimeadh cósta nó contúirt ó ardú leibhéal na farraige chun a chinntiú nach bhfuil forbairtí úra faoi bhagairt mar gheall ar an áit ina bhfuil siad suite. Tabharfaidh an Chomhairle tacaíocht fosta d'úinéirí talún a dhéanann laghdú ar chreimeadh cósta tré réitigh nuálaíocha agus éifeachtach ó thaobh costais de, a thabhairt isteach.

Uisceshaothrú

Ag teacht le polasaí an Rialtas, tabharfaidh an Chomhairle tacaíocht d'fhorbairt inmharthana ar shaothrú na n-uiscí, is cuirfidh sí chun cinn é chun oiread fostaíochta agus fáis agus is féidir a chur ar fáil do mhuintir an chósta agus do bhorradh eacnamaíochta an Chontae. Chomh maith leis sin, táthar ar an eolas go bhfuil uisceshaothrú agus an phróiseáil a théann leis, in ann rogha cumasach eacnamaíochta a chur ar fáil in áit iascaireacht tráchtála. Chuirfeadh sé seo go mór fosta le héagsúlacht inmharthana tuaithe.

Mar sin féin, cé go bhfuil bronnadh ceadúnas um uisceshaothrú taobh amuigh de réimse cumhachta na Comhairle, aithníonn an Chomhairle go bhfuil géarghá le huisceshaothrú a nascadh le straitéis do Bhainistíocht Chomhtháite Crios an Chósta. Aithníonn sí fosta gur den riachtanas é d'oibritheoirí dul i gcomhairle leis na gníomhaireachtaí ábhartha agus leis na pobail áitiúla chomh fada is a bhaineann sé le dea-chleachtas agus straitéisí bainistíochta. Dá bhrí sin táthar ag siúl le go mbeidh ról lárnach ag oibritheoirí an uisceshaothrú i struchtúr ar bith a bhaineann le Bainistíocht Chomhtháite ar an Chrios Cósta.

Caitheamh Aimsire agus Turasóireacht Muir-bhunaithe

Tugadh faoi deara le blianta beaga anuas an méid deiseanna a chuireann timpeallacht chósta shuntasach Dhún na nGall ar fáil don turasóireacht agus do chaitheamh aimsire uisce. Tá an t-imeallbhord is faide sa tír ag an Chontae seo, cuanta agus calafoirt faoi fhoscadh, traidisiún seanbhunaithe farraige agus bithéagsúlacht ainmhithe, éisc agus feithidí na mara. Tá gach aon acmhainn nádúrtha ag Dún na nGall chun rannóg fhiúntach chumasach a fhorbairt do thurasóireacht agus caitheamh aimsire na mara. Tá forbairt ar rannóg den chineál seo ag brath, áfach, ar bhainistíocht chúramach a bheith déanta ar na hacmhainní sin agus ar straitéisí éifeachtacha bheith curtha i bhfeidhm ar bhonn idir-rannógach. Mar fhreagra ar an dúshlán seo, cuireadh tús le "Clar um Thurasóireacht agus Caitheamh Aimsire Uisce/Mara sa bhliain 2001. Beidh an clár ag díriú ar thaighde agus fhorbairt a dhéanamh ar tionscnaimh caithimh aimsire uisce agus mara laistigh den Chontae. Tá cuid mhór tionscnaimh ar súil le cur chuige straitéiseach, iomlánaithe inmarthana a chinntiú maidir le bainistiú crios an chósta.

(1) Slatiascaireacht Farraige

Aithníonn an Chomhairle an ról lárnach atá ag iascach na mara maidir le tacaíocht a thabhairt do phobal tuaithe agus maidir le leathnú táirge na turasóireachta, mar thacaíocht don tionscal seo - tionscail a bhfuil forbairt ag teacht uirthi i dtólamh – agus i ndiaidh cuid mhór taighde a dhéanamh, rinne an Chomhairle gearrliosta de na háiteanna a bhfuil an-chumas iontu forbairt a beith déanta orthu mar ionaid iascaigh mhara/stáisiúin bád.

- Baile Uí Fhuaruisce.
- Bun an Ghaoith.

- Ailt an Chorráin.
- Fathain
- Na Cealla Beaga.
- Oileán Thoraí.

Tá ar intinn ag an Chomhairle tús áite a thabhairt d'infheistíocht infreastruchtúir ag ionaid iascaigh mhara/stáisiúin bád ag na háiteanna thuasluaite.

Chomh maith leis sin, aithníonn an chomhairle an tábhacht a bhaineas le **Ráth Maoláin** agus **Na Dúnaibh** mar ionaid iascaigh mara cheana féin agus an cumas forbartha a bheadh i **bPort an tSalainn** dá leithéid fosta. Dá bhrí sin, agus gan neamhchlaonadh don straitéis thuasluaite, tacóidh an Chomhairle le forbairt Iascaigh Mhara ag na hionaid eile seo.

(2) Iascaireacht Slaite

Aithníonn an Chomhairle go bhfuil acmhainn iascaireacht ar leith ag Dún na nGall, ina bhfuil cuid de na iascaigh bradán is fearr in Éirinn, na céadta ciliméadar de chósta, go leor leor aibhneacha is lochanna, ach mar sin féin, contúirt i gcónaí ann d'úsáid iomlán na hacmhainne seo mar gheall ar thruailliú uisce agus an ró-iascaireacht.

Chun an earnáil seo a fhorbairt ina iomláine, beidh an Chomhairle ag comhoibriú leis na páirtithe leasmhara go léir chun ardchaighdeán an uisce a choinneáil suas, infréastruchtúr cúntach a fhorbairt, an stoc éisc a láimhseáil is a chothú agus cuidiú le hiascairí o chian is ó chóngar, idir chuairteoirí is mhuintir na háite. É sin déanta, tá rún daingean ag an Chomhairle margaíocht a dhéanamh ar an Chontae mar sárionad iascaigh den chéad scoth.

(3) Forbairt ar Ionad Beatha Mara

Is léir ón taighde nach bhfuil mórionaid-aon-lae i gContae Dhún na nGall a bheadh ábalta thar 100,000 cuairteoir a tharraingt sa bhlian. Chomh maith leis sin, léirigh an clár oibriúcháin do cheantar na Teorann, Lár-tíre agus do Cheantar an Iarthair, an géarghá atá le hionaid taitneamhachta do thurasóirí a fhorbairt sa reigiún, mar atá léirithe ins "*An Straitéis*", Straitéis Forbartha an Chontae. Ta béim curtha fosta ag an taighde ar fhéidearthacht Ionad Beatha Mara a bhunú sa Chontae. Dá bhrí sin, beidh an Chomhairle go láidir i bhfabhar ionaid mar seo a bhunú, rud a chuirfeadh ar fáil, ní amháin príomhionad tarraingteach do chuairteoirí, ach ionad luachmhar oideachais, caitheamh aimsire agus caomhantais.

(4) Bainistíocht Trá

Tá sé mar aidhm ag Bainistíocht Trá cothromaíocht inmharthana a chothú idir imeachtaí nach mbeadh go hiomlán ag teacht le chéile agus caomhnú na timpeallachta ar fud an chósta. Tá gá le bainistiú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an duine ar dhóigh a ligfeadh do chineálacha éagsúla imeachtaí a bheith slán sábháilte agus iad taobh le chéile, agus ag an am chéanna, cosaint a thabhairt don timpeallacht ar a bhfuil na himeachtaí seo ag brath. Chun cothromaíocht mar seo a chothú, bheadh na dualgaisí seo a leanas ar lucht bainistíochta na trá:

- Foireann oibre sa bhreis a chur ar fáil do na tránna; eolas agus comharthaí faoi chomhshaol na trá a chur ar fáil agus imoibriú daonna inmharthana a bheith ann.
- Méid áirithe smacht a bheith ar ghníomhaíochtaí faoi leith daonna ar an trá nó cóngaracht di, mar shampla cead isteach ag feithiclí, quadrothaíocht, scairdsciáil, agus mar sin de

- Criosanna áirithe den trá a bheith daite d'úsáid faoi leith. Mar shampla: crios saor ó charranna, spóirt uisce agus mar sin de
- Cosaint a bheith ann don timpeallacht thart ar dumhacha a bheadh leochaileach, tré clárchosáin siúil a chur ar fáil, gan cead isteach go dtí páirteanna áirithe den trá agus cumhdach fásra cosanta a phlandáil.

Chomh maith leis sin, as siocair nach ionann achan láthair ó thaobh timpeallachta de agus ó thaobh réimse imeachtaí a dtig a choinneáil ag gabháil, beidh difir sa straitéis bainisteoireachta i ngach láthair dá réir.

Sa bhliain 2003, thionscnaigh Comhairle Chontae Dhún na nGall Tionscadal Bainistíochta Trá do Ros Neamhlach. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal píolótach seo Sraitéis Bainistíochta Trá rathúil a fhorbairt fá choinne Ros Neamhlach agus úsáid a bhaint as an saineolas a fuarthas ón tionscadal ar mhaithe le Straitéisí Bainistóíochta Trá a chur i bhfeidhm ag láithreacha eile.

(5) Forbairt Muiríne

Tá sé riachtanach do thurasóireacht na mara go gcuirfí ar fáil ciorcal de mhuiríní, iad lonnaithe ag Ionaid Straitéiseacha thart ar fud imeallbhord na hÉireann. Mar fhreagra ar an ghá seo, d'aithin Straitéis Forbartha Muiríne Chontae Dhún na nGall go dtiocfadh le Dún na nGall suas le 450 ionad bád a choinneáil suas go hinmharthana agus gurb iad na sé ionad seo a leanas is oiriúnaí don straitéis seo (Ní ionann méid ná feidhm gach ionad)

- Baile Uí Fhuaruisce.
- Bun an Ghaoith.
- Ailt an Chorráin.
- Fathain
- Na Cealla Beaga.
- Oileán Thoraí.

Mhol an tuairisc straitéis fosta go gcuirfí áiseanna iascaigh mara san áireamh ag na hionad seo dá mbeadh éileamh ná ráchairt orthu. Gan amhras bheadh forbairtí mar seo mar bhorradh iontach eacnamaíochta sna gceantar féin. Dá bhrí sin beidh an Chomhairle ag iarraidh cur chuige iomlánaithe d'fhorbairt na nIonad seo agus a gceantar máguaird. Aithníonn an Chomhairle fosta an tábhacht a bhaineas le leapacha ancaire níos lu agus áiteacha speisialta feistithe chun Margadh na Cúrsála a fhorbairt.

(6) Siúlóidí Cósta

Aithneoidh an Clár um Thurasóireacht agus um Chaitheamh Aimsire Uisce cosáin siúlóide atá ann cheana féin, nó a d'fhéadfadh a bheith ann, agus a d'fhéadfaí a fhorbairt agus a mhargáil mar tháirge turasóireachta. Bheifí ag súil go mbeadh na cosáin seo buan, d'ardchaighdeán agus go mbeadh bainistíocht mar is cóir déanta orthu. Ag an am céanna, chuideoidh siad le cúrsaí spóirt, caitheamh aimsire agus forbairt pobail sa cheantar áitiúil. Ba chóir do na cosáin seo a beith in oiriúint do leathnú agus d'imeascadh san am atá le theacht agus naisc a chur ar fáil chuig gníomhaíochtaí agus áiseanna eile.

Iascaigh agus Forbairt ar Infreastruchtúr Iascaigh

Le blianta beaga anuas, bhí cuid mhór brú ar thionscal na hiascaireachta agus tháinig cuid mhór athruithe urthi fosta. Mar sin féin, tá ról lárnach ag Earnáil na Mara i ngeilleagar an Chontae go fóill. Dá bhrí sin, is den riachtanas é straitéis áirithe a chur i

bhfeidhm a chuirfidh le fás agus le hilghnéitheacht na hearnála seo. Uime sin, tá taighde déanta ag Bord Forbartha an Chontae a dhírigh ar straitéis chun tionscal na hiascaireahta mara i gContae Dhún na nGall a fhorbairt. Tá na polasaithe mar atá leagtha amach thíos ag cur leis na straitéisí seo:

(1) Forbairt Clachan

Aithníonn an Chomhairle an tábhacht mhór atá le clacháin nó comhchruinneagáin de ghníomhaíochtaí socheacnamaíocha a bhaineann le hiascaireachta, mar atá sna Cealla Beaga, sa Chaisleán Nua agus in Ailt an Chorráin. Measann an Chomhairle go bhfuil na lárionad seo ríthábhachtach le haghaidh borradh eacnamaíochta sa cheantar áitiúil. Tá sé riachtanach d'fhorbairt ar bith san am atá le theacht go gcoinneofar suas dlús na láithreacha seo. Tá rún daingean ag an Chomhairle ról na láithreacha seo a chosaint agus a fheabhsú mar ionaid gníomhaíochta cabhlaigh, próiseála agus na seirbhísí cúntacha a bhaineann leo.

(2) Pobail Inbuanaithe Cósta

Aithníonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineas le gnoithe iascaireachta agus ioncaim a bhfuil baint aige le cúrsaí farraige chun forbairt a dhéanamh ar phobail inbhuanaithe thart ar an chósta. Chuige sin, tchí an Chomhairle ról níos lárnaí do na hiascairí beaga sin atá ar bhonn shéasúrach agus/nó páirtaimseartha, i mbainistíocht iascaigh intíre. Dhéanfaí é seo tré Straitéis um Bhainistíocht Chomhtháite ar an Chrios Cósta a chur i bhfeidhm. Chomh maith leis seo, beidh an Chomhairle ag cur chun cinn forbairt na turasóireachta agus táirgí iascaireachta a bhfuil baint faoi leith acu leis an earnáil seo; leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh fosta ag tacú le cibé infreastruchtúr cúntach atá de dhíth agus a mbrathann an earnáil air.

(3) Bainistíocht Acmhainne

Tá fás Earnáil na Mara i nDún na nGall ag brath ar córas éifeachtach Bainisteoireachta is Caomhnaithe a bheith curtha i bhfeidhm. Cé nach bhfuil ach ról teoranta ag an Chomhairle i mbainistiú Acmhainní na Mara, measann an Chomhairle gur chóir spreagadh a thabhairt dóibh siúd atá rannpháirteach in earnáil na mara sa Chontae – agus gur chóir fosta tacaíocht a thabhairt dóibh chun páirt ghníomhach a ghlacadh sna struchtúir bainisteoireachta. Cothaíonn an cur chuige seo an loighic cheart ar a bhfuil polasaí na Comhairle bunaithe i ndáil le Bainistíocht Chomhtháite ar an Chrios Cósta .

(4) Gabháil Breisluacha

Aithnítear go forleathan go bhfuil ardchaighdeán sna hacmhainní mara a ndéantar saothrú orthu i gContae Dhún na nGall agus go bhfuil sé seo amhlaidh mar gheall ar an timpeallacht nádúrtha neamhthruaillithe as a dtagann siad. Measann an Chomhairle gur den riachtanas é go gcuirfear béim láidir ar an dea-cháilíocht seo in intinn na gcustaiméirí, tré chloí le nósanna d'ardchaighdeán imeachta, tré theistiméireachta agus tré bheith in ann na táirgí a rianú siar go dtí a bhfoinse. Dá bhrí sin, tá rún daingean ag an Chomhairle cur go mór le breisluach na dtáirgí seo tré chuidiú le cúrsaí margaíochta agus tré infreastruchtúr a chur ar fáil

(5)Treocht an Mhargaidh

Ar na saolta deireanacha seo nuair atá margaí ag síorathrú i dtólamh, aithníonn an Comhairle go bhfuil margaíocht agus treocht an mhargaidh ríthábhachtach do thionscal iascaireachta an Chontae. Ar an tséala sin, cuirfidh an Chomhairle taighde agus nuálaíocht i margaí nideoige agus branda chun tosaigh, rud a éascóidh deiseanna margaíochta atá ag nochtadh. Lena chois sin, cuideoidh an Chomhairle

leis na nascanna nádúrtha atá idir tionscail na hiasacireachta, an bhia agus na turasóireachta ar mhaithe le táirgí úrnua a fhorbairt agus réimsí fáis malartacha a scrúdú agus a chruthú.

Forbairt na nOileán

Cruthaíonn suíomh geografach na n-oileán ar chósta Dhún na nGall, maraon le haeráid Dhún na nGall, deacrachtaí áirithe maidir le rochtain, cumarsáid agus forbairt eacnamaíoch do phobail na n-oileán. Tá eilimintí ar leith den Phlean Forbartha seo ag díriú go speisialta ar ghnéithe d'forbairt oileán, macasamhail cultúr, turasóireacht, rochtain agus cumarsáid agus araile. Mar sin féin, tá infreastruchtúr mara thar a bheith tábhachtach d'fhorbairt oileáin agus tá an an Chomhairle tiomanta chun cothabháil agus feabhsú leanúnach a dhéanamh ar an infreastruchtúr sin. Lena chois sin, le linn tréimhse mhaireachtála an Phlean, ullmhóidh an Chomhairle 'Straitéis Oileán, a leagas síos go mion na polasaithe agus na cláracha ar leith a bheas i gceist chun forbairt leanúnach a dhéanamh ar na hOileáin.

Rochtain

Le dornán blianta, cuireadh mórthionscadail rochtana mara, a bhfuil ag éirí go hiontach maith leo, ar bun sa Chontae. Léiríonn an ráchairt atá ar na bádái farantóireachta do charranna idir An Caisleán Nua agus Aird Mhic Giollagáin agus idir Ráth Maoláin agus Bun Cranncha, an acmhainneacht atá ag a mhacasamhail de thionscadail do athghiniúint socheachnamaíochta agus cur chun cinn na turasóireachta. Ag coinneáil é seo i gcuimnhe, tá coimisiniú déanta ag an Chomhairle, i gcomhar le Clár MAYA 2 Chomhpháirtaíocht na hEorpa, ar thaighde i ndáil le nasc a chruthú idir Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne (agus Gréasán Canála na hÉireann) agus Bá Dhún na nGall. Bheadh féidearthacht ag an nasc seo slite seoltóireachta úrnua a chruthú agus deiseanna nua turasóireachta a fhorbairt. Siocair na nascanna farraige stairiúla atá idir Dún na nGall agus Albain, tá sé ar intinn ag an Chomhairle fiosrú a dhéanamh ar fhéidearthacht cheangal farantóireachta idir Inis Eoghain agus Albain, agus más indéanta, tacaíocht a chur ar fáil faoina choinne.

SPRIOC

Tacaíocht a chur ar fáil d'fhorbairtí in Acmhainní Mara ar dhóigh a rachas chun sochair d'fhorbairt socheacnamaíoch agus inmharthana an Chontae.

CUSPÓIRÍ

- Pobail inbhuanaithe oileán a chinntiú tré neartú a dhéanamh ar a mianach socheachnamaíoch agus cultúrtha agus trí fheabhsúcháin breise a dhéanamh ar bhonneagar.
- Straitéisí láidir do Bhainistíocht Chomhtháite ar an Chrios Cósta a fhorbairt, ag a mbeidh tacaíocht na bpáirtithe leasmhara go léir agus a bheas in ann forbairt inbhuanaithe ar acmhainn mhara an Chontae a chinntiú.
- Cothabháil a dhéanamh ar thionscal iascaireachta fuinniúil ráthúil a mbeidh ar a chumas é féin a chur in oiriúint do mhargaí athraitheacha agus na pobail atá ag brath air a chothú.
- Lárionad bríomhar Caithimh Aimsire agus Turasóireachta Uisce/Muirbhunaithe a bhunú sa Chontae, ag díriú go háirithe ar fhorbairt tháirgí mara ar leith agus ar fheabhsú áiseanna scíthe.
- Earnáil an Uisceshaothraithe a chur chun cinn ar dhóigh atá báúil don chomhshaoil mara agus de réir na straitéise do Bhainistíocht Chomhtháite ar an Chrios Cósta.
- Bealaí farraige isteach go Dún na nGall a dhéanamh níos fearr tré chothabháil a dhéanamh ar an bhonneagar mara atá ann agus tré thionscadail do bhonneagar úrnua a fhorbairt.

POLASAITHE AGUS MOLTAÍ
Is é seo a leanas polasaithe na Comhairle:

POLASAÍ NRD53:
Straitéisí cuí a aithint le haghaidh frámaíochtaí do Bhainistíocht Chomhtháite ar an Chrios Cósta agus na frámaíochtaí sin a chur i bhfeidhm i láithreacha roghnaithe.

POLASAÍ NRD54:
A chinntiú go gcuirfí uisceshaothrú san áireamh mar pháirt lárnach de na frámaíochtaí ICZM sin.

POLASAÍ NRD55:
Cuidiú le hionad a fhorbairt sa Chontae le haghaidh oideachais agus taighde maidir i ndáil le crios an chósta.

POLASAÍ NRD56:
Éascú a dhéanamh ar fhorbairt ionad Beatha Mara a mbeadh ar a chumas cuid mhór turasóirí a mhealladh isteach sa Chontae.

POLASAÍ NRD57:
Cuidiú le forbairt a dhéanamh ar mhuiríne, stáisiúin bád agus/nó áiseanna iascaireachta mara sna láithreacha seo a leanas:

o Baile Uí Fhuaruisce.
o Bun an Ghaoith.
o Ailt an Chorráin.
o Fathain
o Na Cealla Beaga.
o Toraigh.

POLASAÍ NRD58:
Tionscadail Bainistíochta Trá, bunaithe ar an taithí a fuarthas de thairbhe Thionscadal Bainistíochta Trá Ros Neamhlach, a chur i ngníomh i láithreacha oiriúnacha.

POLASAÍ NRD59:
Rólanna na gCealla Beaga, an Chaisleáin Nua agus Ailt an Chorráin, mar lárionaid do ghníomhaíochtaí bád, próiseála agus seirbhísí cúntacha, a chosaint agus a bhisiú, agus éagsúlú gníomhaíochta eacnamaíoch bunaithe ar an fharraige a chur chun cinn sna láithreacha sin.

POLASAÍ NRD60:
Bonneagar mara ar fud an Chontae agus ar na hoileáin amach ón chósta a chothabháil agus a fheabhsú.

POLASAÍ NRD61:
Iniúchadh a dhéanamh ar nasc canála idir Uiscebhealach na nSionainne-na hÉirne agus Bá Dhún na nGall, agus más indéanta, a leithéid a éascú.

POLASAÍ NRD62:
Iniúchadh a dhéanamh ar fhéidearthacht forbraíochta do nasc farantóireachta shéasúrach idir Dún na nGall agus Albain, agus más indéanta, a leithéid a éascú.

POLASAÍ NRD63:
Feidhmiú leanúnach de bhealaí farantóireachta An Chaisleáin Nua-Aird Mhic Giollagáin agus Bun Cranncha-Ráth Maoláin a éascú.

POLASAÍ NRD64:
Forbairt iomlán ar acmhainn iascaireachta slaite an Chontae a éascú.

POLASAÍ NRD65:
Leanúint ar aghaidh ag comhordú na forbraíochta agus na margaíochta ar tháirgí turasóireachta uiscebhunaithe, de réir na Tuarascála Frámaíochta a d'ullmhaigh Institiúid na Mara don Chontae sa bhliain 1999.

POLASAÍ NRD66:
Scrúdú a dhéanamh ar úsáid fhodhlíthe, a chuireann srian le gníomhaíochtaí áirithe ag láithreacha cósta, ar mhaithe le sláinte agus sábháilteacht an phobail agus/nó timpeallachtaí soloite cósta a chosaint.

POLASAÍ NRD67:
Bealaí siúil cósta atá ann cheana féin agus/nó a d'fheadfadh a bheith ann, a aithint sa dóigh gurbh fhéidir iad a fhorbairt agus margaíocht a dhéanamh orthu mar tháirge turasóireachta agus mar áis thaitneamhachta áitiúla.

POLASAÍ NRD68:
Gan amharc go fabhrach ar thograí forbraíochta a dhéanfadh dochar do thaitneamhacht caitheamh aimsire agus timpeallachta na dtránna atá sonraithe, nó atá beartaithe a bheith sonraithe, mar Thránna na mBrat Gorm.

POLASAÍ NRD69:
Tacú leis an Choláiste Náisiúnta Iascaigh sa Chaisleán Nua i gcur ar fáil oideachas mara agus oiliúint shábháilteachta san Iarthuaisceart.